

# 'Mise, tusa agus an sagairtín!' Consain chaola & leathana sa Ghaeilge



**An cuimhin leat?**  
Na consain chaola &  
leathana: s, t, d, r



**Feasacht teanga**  
Cleachtadh ar na consain chaola &  
leathana: s, t, d, r



**Scileanna cumarsáide**  
Ag aisteoireacht agus ag  
cur béim ar na consain  
chaola & leathana

## A: An cuimhin leat?

### 1. Consain chaola agus leathana

Cad is consan caol agus consan leathan ann? Tabhair samplaí.

Consain chaola	Consain leathana

### 2. S leathan agus caol

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Abraigí amach na focail seo thíos le chéile agus cuirigí ciorcal timpeall ar gach 's' leathan agus líne faoi gach 's' caol. Conas atá na fuaimeanna difriúil le chéile?

scriosta	sásta	bosca	sona	áis	sioc	aois	donas
aistriúchán	Astrálach	sé	tusa	agus	sin	blaisfidh	casfaidh

b) Conas a deirtear na focail seo: 'máistreacht' agus 'aistriúchán'?

### 3. T leathan agus caol

a) Abraigí amach na focail seo anois. Cén áit a mbíonn an teanga sa bhéal agus iad á rá agaibh?

<i>tavern</i>	teach	tábhairne
tae	tí	Taoiseach

b) Tabharfaidh an múinteoir cártaí daoibh anois. Lean na treoracha seo a leanas:

**Duine A:** Léigh amach na habairtí atá ar do chárta do do pháirtneír. Bí cinnte go bhfuaimníonn tú na consain mar is ceart!

**Duine B:** Éist leis na habairtí a léann do pháirtneír amach agus scríobh síos iad. Éist go cúramach leis na consain agus bí cinnte go scríobhann tú i gceart iad!

Malartaíróil.

#### 4. D leathan agus caol

Téigí go dtí [www.abair.ie](http://www.abair.ie) agus cuirigí na focail thíos isteach sa bhosca cuardaigh. Roghnaigí canúint amháin agus cloigí leis an gcanúint sin le haghaidh gach focail. Déanaigí aithris ar na focail. Conas atá na fuaimeanna éagsúil lena chéile?



deoch  
duine  
daoine  
deacair  
deartháir  
deirfiúr  
dubh  
dána

#### 5. R caol

a) Téigí go dtí an rannóg foghraíochta ar [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). Cuirigí na focail thíos isteach sa bhosca cuardaigh. Roghnaigí canúint amháin agus cloigí leis an gcanúint sin le haghaidh gach focail. Déanaigí aithris ar na focail.



deacair  
deifir  
aréir  
náire  
máthair  
athair

b) Féachaigí ar na habairtí thíos. Abraigí amach gach abairt os ard, ag cur béim ar an 'r' caol. Cóipeáil na habairtí isteach sa bhosca cuardaigh ar [www.abair.ie](http://www.abair.ie) ansin. Ar fhuaimnigh sibh an 'r' caol i gceart? Cén fáth a bhfuil an fhuaim 'r' caol tábhachtach iontu?

- Ní maith liom dath an rothair sin.
- Tá leabhair mhaithe i Siopa Uí Dhónaill.
- Is breá liom na pictiúir ar an mballa.
- Tá dearmad déanta agam ar ainm an údair.
- Beidh na húdair ag teacht le chéile anocht.

## B: FEASACHT TEANGA

### 1. Biongó foghraíochta

Tabharfaidh an múinteoir cárta biongó duit anois. Líon isteach na boscaí ar do chárta leis na focail ón liosta. Ansin, míneoidh an múinteoir na rialacha duit.

### 2. Rabhlóga Gaeilge

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna arís. Tabharfaidh an múinteoir clúdach litreach daoibh ina bhfuil cúpla rabhlóg inti. Glacai gí sealanna na rabhlóga a léamh amach dá chéile go mall agus go soiléir. Caithfidh an duine atá ag éisteacht an rabhlóg a scríobh síos. Déanaigí comparáid idir an méid a léigh duine amháin amach agus an méid a scríobh an duine eile tar éis gach rabhlóige. An dtuigeann sibh gach rabhlóg?



### 3. Consain chaola agus leathana eile na Gaeilge: b, c, g, l, m, n, p

San fhíseán, caitheadh spotsolas ar na consain chaola agus leathana **is mó a mbíonn dúshlán ag baint leo**. Ach, d'fhéadfaí deacrachtaí tuisceana a chruthú mura mbeadh na consain chaola agus leathana eile cruinn chomh maith céanna. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus abraigí na habairtí agus na focail seo thíos amach os ard le chéile. Líonaigí na bearnaí leis na focail chuí.

- Tá an cat \_\_\_\_\_ . (bó/beo)
- Níl \_\_\_\_\_ aitheantais agam. (cárta/cearta)
- Bhí sé ina chónaí \_\_\_\_\_ don scoil. (gar/gearr)
- Nach bhfuil an sciorta sin níos \_\_\_\_\_ ná an ceann eile? (níos gaire/níos giorra)
- Ní maith liom na \_\_\_\_\_ sin. (labhair/leabhair)
- D'ith mé \_\_\_\_\_. (lón/leon)
- Beidh \_\_\_\_\_ gcéim sa phróiseas. (naoi/ní)
- Is leor \_\_\_\_\_ don eolach. (nod/nead)
- Níl ach \_\_\_\_\_ amháin agam. (nocht/neacht)
- Ní raibh \_\_\_\_\_ trua aige di. (poc/pioc)

## C: CUMARSÁID

---

### Ón script go stáitse

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Bígí ag aisteoireacht sna ról seo thíos. Féachaigí ar gach mír cúpla uair le bheith cinnte go bhfuaimníonn sibh gach focal mar a fhuaimníonn na haisteoirí iad. Déanaigí beirt gach ról ar a laghad uair amháin.

Micheál: Agus, meas tú, céard a dhéanfas muid anois?

Laoise: Agus, céard a dhéanfas tusa?

Micheál: Mise?

Laoise: Is ea. Tusa! Bhuel, níor éist sé liomsa. Ach, tá mé ag rá rud amháin leat, ní bhaisteofar an teach nua seo má bhíonn an sagairtín sa seomra béal dorais linn.

\*\*\*\*\*

Tadhg: Cén chaoi a bhfuil Sonny bocht?

Crystal: Ara, tá sé ag teacht chuige féin. Tá sé thuas ansin sa teach agus ag déanamh scíste.

\*\*\*\*\*

David: D'inis tú bréag agus ní hamháin sin ach thugais an doras di.

Caitriona: Bhuel, d'oscail mé an doras di go deas béasach!

\*\*\*\*\*

Tadhg: Nó, is é do bheatha, a Mhuire!

\*\*\*\*\*

Bobbi Lee: Is é an trua nár smaoinigh tú air sin aréir agus é a sórtáil amach, Mr. Leasbhainisteoir.

\*\*\*\*\*

Máire: Ach, an bhfuil náire ar bith ar an raicleach sin agus cailín óg thuas an staighre aici.

# FREAGRAÍ

## A: AN CUIMHIN LEAT?

### 1. Consain chaola agus leathana

Consain chaola	Consain leathana
Consain a bhfuil na litreacha 'i' nó 'e' taobh leo: mise, éist.	Consain a bhfuil na litreacha 'a', 'o', 'u' taobh leo: Tusa, liomsa.

### 2. S leathan agus caol

a) Tá an 's' leathan dearg agus an 's' caol buí:

scriosta	sásta	bosca	sona	áis	sioc	aois	donaS
aistriúchán	Astrálach	sé	tusa	agus	sin	blaisfidh	casfaidh

b) Bí cinnte go bhfuaimnítear an 's' caol sna focail sin.

### 3. T leathan agus caol

a) Féach:

T leathan – Cuirtear tosach na teanga i gcoinne chúl na bhfiacra uachtaracha.

T caol – Cuirtear tosach na teanga díreach ar bharr chúl na bhfiacra uachtaracha.

T an Bhéarla – Cuirtear tosach na teanga ar an aibheolas, an chuid den bhéal díreach os cionn na bhfiacra uachtaracha.

b) Bíodh na cártaí (atá ag deireadh na nótaí seo) gearrtha amach agat roimh an rang. Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair cárta A do dhuine A agus cárta B do dhuine B. Caithfidh duine A na habairtí ar chárta A a léamh amach do dhuine B agus caithfidh duine B an méid a chloiseann sé/sí a scríobh síos. Ba cheart dóibh na habairtí sin a sheiceáil ansin le bheith cinnte go bhfuil siad litrithe mar an gcéanna. Ansin, léifidh duine B na habairtí ar chárta B amach agus mar sin ar aghaidh. Pléigh aon deacracht a bhí ag na foghlaimeoirí ó thaobh cúrsaí foghraíochta de.

Tá an 't' caol tábhachtach chun focail sa tuiseal ginideach uatha agus san ainmneach iolra a aithint.

### 4. D leathan agus caol

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a sheiceáil ar [www.abair.ie](http://www.abair.ie) agus ansin pléigh na fuaimeanna éagsúla leis an rang iomlán. Tá tuilleadh eolais le fáil ar fhuaimneanna na Gaeilge ar <https://www.cogq.ie/wp-content/uploads/blas-comhraite-agus-cleachtaí.pdf>

### 5. R caol

a) Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a sheiceáil ar [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) agus ansin pléigh na fuaimeanna éagsúla leis an rang iomlán.

b) Iarr ar na foghlaimeoirí na habairtí a léamh amach os ard dá chéile ar dtús, chun an 'r' caol a chleachtadh, agus ansin iarr orthu iad a sheiceáil ar [www.abair.ie](http://www.abair.ie). Tá an 'r' caol tábhachtach chun focail sa tuiseal ginideach uatha agus san ainmneach iolra a aithint. Tá tuilleadh eolais le fáil ar fhuaimneanna na Gaeilge ar <http://ceacht.ie/content/blas.ie>.

## B: FEASACHT TEANGA

### 1. Biongó foghraíochta

Scaip an bhileog ‘Biongó foghraíochta’ (atá ar fáil ag deireadh na nótaí seo) ar an rang. Bíodh bileog amháin ag gach foghlaimeoir. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na boscaí ar a gcuid gcártaí biongó a líonadh leis na focail ag bun an leathanaigh. Is féidir leo na focail a chur aon áit is mian leo. Míniú do na foghlaimeoirí go léifidh tusa na focail amach anois. Léigh amach na focail san ord ina bhfuil siad thíos, ó chlé go deas.

ais	donacht	rothair	stáit	teachtaire	deir
blais	páipéir	dearbh	deonacht	sé	faide
rothar	stát	tachtair	blas	is ea	fada
páipéar	sí	darbh	suí	dear	as

Caithfidh siadsan líne a chur tríd an bhfocal a léann tusa, nó a chloiseann siad, ar a gcárta. Chomh luath is a bheidh líne ag foghlaimeoir, cuirfidh siad a lámh in airde. Ba cheart go mbeadh siad in ann an líne a léamh amach gan aon bhotún foghraíochta.

### 2. Rabhlóga Gaeilge

Bíodh na rabhlóga (atá ag deireadh na nótaí seo) gearrtha amach roimh ré agus curtha i gclúdach litreach. Tabhair clúdach litreach amháin do gach beirt. Iarr orthu sealanna a ghlacadh ar rabhlóg a roghnú ón gclúdach litreach agus í a léamh amach don duine eile. Caithfidh an duine eile an méid a chloiseann sé/sí a scríobh síos. Téigh siar ar an bhfoghraíocht a bhaineann le gach rabhlóg nuair a bheidh gach beirt críochnaithe. Pléigí brí na rabhlóg le chéile freisin. Féach:

Bíonn báisteach uafásach san fhásach.

*There is terrible rain in the wilderness/desert.*

Fear feargach ag faire na farraige fuair.

*An angry man watching the cold sea.*

Cheannaigh cailín cliste ceanúil císte.

*A clever, affectionate girl bought a cake.*

Chuaigh ceannaí cneasta cliste thar chlaí cruach cloch.

*A smart, kind merchant went over the hard stone wall.*

Cearc ag piocadh piobair de phláta Pheadair.

*A chicken is picking peppers from Peter's plate.*

Bhí bean bheag bhocht breoite bruite leis an bhfuacht.

*The poor little sick woman was afflicted by the cold.*

Rinne Máire gáire gan náire ag an fhaire i nDoire anuraidh.

*Mary laughed shamelessly at the wake in Derry last year.*

### 3. Consain chaola agus leathana eile na Gaeilge: b, c, g, l, m, n, p

Féach:

- Tá an cat beo. (bó/beo)
- Níl cárta aitheantais agam. (cárta/cearta)
- Bhí sé ina chónaí gar don scoil. (gar/gearr)
- Nach bhfuil an sciorta sin níos giorra ná an ceann eile? (níos gaire/níos giorra)
- Ní maith liom na leabhair sin. (labhair/leabhair)
- D'íth mé lón. (lón/leon)
- Beidh naoi gcéim sa phróiseas. (naoi/ní)
- Is leor nod don eolach. (nod/nead)
- Níl ach neacht amháin agam. (nocht/neacht)
- Ní raibh pioc trua aige di. (poc/pioc)

## C: CUMARSÁID

### Ón script go stáitse

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar na míreanna san fhíseán arís agus aird a dhíriú ar na fotheidil agus iad ag éisteacht. Iarr orthu cleachtadh a dhéanamh ar na línte ar fad sna comhráite, leo féin ar dtús agus ansin leis an duine in aice leo. Iarr ar gach beirt aisteoireacht a dhéanamh sna ról i ngach mír agus na ról a mhalartú freisin. Iarr ar bheirteanna éagsúla na línte a léamh amach os comhair an ranga.

## AN SCRIPT

### Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 3 – Mise, tusa agus an sagairtín - Consain chaola agus leathana na Gaeilge

Ní hionann na fuaimeanna a bhíonn le fáil i dteangacha éagsúla. Ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le teanga a fhoghlaim, mar sin, ná fuaimeanna na teanga sin a thabhairt leat. Ní haon eisceacht an Ghaeilge ar ndóigh. Tá córas litrithe agus fuaimnithe na Gaeilge difriúil le córas an Bhéarla, agus bíonn dúshlán faoi leith ag baint leis an difríocht sin a aithint.

Ach ná cailligí misneach, a chairde. Bealach maith le faobhar a chur ar do chluas agus snas a chur ar do bhlas cainte, ná a bheith ag éisteacht go cúramach le cainteoirí maithe agus aithris a dhéanamh orthu. Agus nach méanar dúinne go bhfuil ár gcairde i Ros na Rún ann chun cuidiú linn máistreacht a fháil ar fhuaimneanna na Gaeilge. Sa cheacht seo, caithfidh muid spotsolas ar ghné an-tábhachtach d'fhoghraíocht na Gaeilge – consain chaola agus leathana.

Tugtar 'consan leathan' ar chonsan a bhfuil na gutaí 'a', 'o' nó 'u' taobh leis. 'Consan caol' a thugtar ar chonsan a bhfuil na gutaí 'i' nó 'e' taobh leis. Ní mar a chéile a fhuaimnítear an dá chineál consan sin sa Ghaeilge. Bíonn an t-idirdhealú céanna le fáil i dteangacha eile. Cuimhnigh mar shampla ar na litreacha C agus G sa Bhéarla. Ar thug tú riamh faoi deara go n-athraíonn fuaimeanna na litreacha sin ag brath ar na gutaí atá taobh leo?

coat	cup	cat	ACH	circle	cent
goat	gust	garden	ACH	giraffe	gent

Tá an rud ceannann céanna i gceist leis na consain ar fad sa Ghaeilge agus sa cheacht seo, caithfidh spotsolas ar chuid de na fuaimeanna sin.

### 1. S leathan agus s caol: Mise, tusa agus an sagairtín

Tosóidh muid leis an 's' leathan agus caol. Bíonn fuaim 's' ag baint leis an 's' leathan ach is fuaim 'sh' a bhíonn ag 's' caol sa Ghaeilge.

Suigh siar anois agus éist lenár seaimpíní, Laoise agus Micheál, agus tabhair an 's' leathan agus caol faoi deara ina gcuid cainte. Beidh dath bándearg ar an 's' leathan sna fotheidil agus dath buí ar an 's' caol.

#### An mhír físe ó Ros na Rún

Micheál: Agus, meas tú, céard a dhéanfas muid anois?

Laoise: Agus, céard a dhéanfas tusa.

Micheál: Mise?

Laoise: Is ea. Tusa! Bhuel, níor éist sé liomsa. Ach, tá mé ag rá rud amháin leat, ní bhaisteofar an teach nua seo má bhíonn an sagairtín sa seomra béal dorais linn.



Éist leis na focail sin arís agus thig leat iad a rá i mo dhiaidh:

S leathan: Agus, meas, tusa, liomsa, sagairtín, sa.

S caol: Anois, mise, is ea, éist, sé, seo.

Bí cúramach, go háirithe leis an dá fhocal seo a mbíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leo go minic. Tabhair faoi deara gur ‘s’ caol (sh) atá iontu, díreach mar atá sna focail seo a leanas:

áis	cáis	máistreacht
ar ais	Aisling	aistriúchán

Ná bíodh aon ‘ass’ agat san aistriúchán mar sin!

## 2. T leathan agus caol – Tá sé ag teacht chuige féin!

Tá fuaimeanna faoi leith ag an ‘t’ leathan agus an ‘t’ caol sa Ghaeilge freisin agus níl ceachtar acu sin ar nós ‘t’ an Bhéarla, ar ndóigh. Éist leis na samplaí seo:

Ní hionann an ‘t’ atá san fhocal ‘tavern’ i mBéarla agus an dá ‘t’ atá in ‘teach tábhairne’ sa Ghaeilge. Mar an gcéanna tá difríocht freisin idir na fuaimeanna ‘in a cup of tea’ sa Bhéarla agus ‘bean an tí’ agus ‘Taoiseach’ sa Ghaeilge.

### An mhír físe ó Ros na Rún

Tadhg: Cén chaoi a bhfuil Sonny bocht?

Crystal: Dhera, tá sé ag teacht chuige féin. Tá sé thuas ansin sa teach agus ag déanamh scíste.

## 3. D leathan agus caol – D’oscail mé an doras di go deas béasach!

Tá difríocht freisin idir an ‘d’ leathan agus an ‘d’ caol sa Ghaeilge. Éist anois leis na samplaí atá ag David agus Caitriona:

### An mhír físe ó Ros na Rún

David: D’inis tú bréag agus ní hamháin sin ach thugais an doras di.

Caitriona: Bhuel, d’oscail mé an doras di go deas béasach!

Rachaidh muid siar ar na fuaimeanna sin arís:

D leathan – d’oscail, doras, dún, fada, bád

D caol – d’inis, dí (ag ól dí), deoir, oide, báid

## 4. An R caol – Is é do bheatha, a Mhuire

Ceann de na fuaimeanna is mó a mbíonn dúshlán ag baint leis d’fhoghlaimeoirí Gaeilge ná an ‘r’ caol. Cuir cluas ort féin don ‘r’ caol sna samplaí seo ó Ros na Rún agus déan aithris orthu:

**An mhír físe ó Ros na Rún**

Tadhg: Nó, is é do bheatha, a Mhuire!

Bobbi Lee: Is é an trua nár smaoinigh tú air sin aréir agus é a sórtáil amach, Mister Leasbhainisteoir.

Máire: Ach, an bhfuil náire ar bith ar an raicleach sin agus cailín óg thuas an staighre aici.

Is fiú cleachtadh a dhéanamh ar an 'r' caol sa Ghaeilge mar bíonn sé tábhachtach le hidirdhealú a dhéanamh idir ainmfhocail uatha agus iolra. Mar shampla:

'Ábhar', sin ceann amháin, ach 'ábhair' - sin an uimhir iolra.

Anois a chairde, tá tuilleadh eolais ar na consain chaola agus leathana ar an bhileog oibre a théann leis an fhíseán seo. Ná déanaigí dearmad – cleachtadh a dhéanann máistreacht!



## T leathan agus caol

An cuimhin leat 3(b). Tá trí chóip le fáil de gach cárta ar an mbileog seo.

Le gearradh amach agus cárta A a thabhairt do dhuine A i ngach beirt. Cárta B a thabhairt do Dhuine B.

Duine A – cárta A	Duine B – cárta B
<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Tiocfaidh bean an tsiopa Dé Máirt.</li> <li>2. Tá an Tánaiste ag labhairt.</li> <li>3. Chaith Triona tréimhse ar an trá.</li> <li>4. Taitníonn bainne te le cait.</li> <li>5. Uachtarán na Stát Aontaithe.</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Cé atá ag teacht tráthnóna inniu?</li> <li>2. Tá an teagascóir tinn.</li> <li>3. Tabhair dom cupán tae.</li> <li>4. Tá Oifig an Phoist dúnta.</li> <li>5. Is faoi chúram an stáit atá sí.</li> </ol>

Duine A – cárta A	Duine B – cárta B
<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Tiocfaidh bean an tsiopa Dé Máirt.</li> <li>2. Tá an Tánaiste ag labhairt.</li> <li>3. Chaith Triona tréimhse ar an trá.</li> <li>4. Taitníonn bainne te le cait.</li> <li>5. Uachtarán na Stát Aontaithe.</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Cé atá ag teacht tráthnóna inniu?</li> <li>2. Tá an teagascóir tinn.</li> <li>3. Tabhair dom cupán tae.</li> <li>4. Tá Oifig an Phoist dúnta.</li> <li>5. Is faoi chúram an stáit atá sí.</li> </ol>

Duine A – cárta A	Duine B – cárta B
<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Tiocfaidh bean an tsiopa Dé Máirt.</li> <li>2. Tá an Tánaiste ag labhairt.</li> <li>3. Chaith Triona tréimhse ar an trá.</li> <li>4. Taitníonn bainne te le cait.</li> <li>5. Uachtarán na Stát Aontaithe.</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Cé atá ag teacht tráthnóna inniu?</li> <li>2. Tá an teagascóir tinn.</li> <li>3. Tabhair dom cupán tae.</li> <li>4. Tá Oifig an Phoist dúnta.</li> <li>5. Is faoi chúram an stáit atá sí.</li> </ol>

## Biongó Foghraíochta – consain chaola agus leathana


**Cuir na focail thíos sna boscaí thuas. Is féidir iad a chur in aon ord is maith leat.**

ais	as	suí	páipéir
donacht	rothar	tachtaire	is ea
fada	páipéar	blas	stát
sí	dearbh	dear	darbh
teachtair	stáit	rothair	deir
faide	deonacht	blais	sé

## Rabhlóga

Tá na rabhlóga thíos le gearradh amach agus le cur i gclúdach litreach. Bíodh clúdach litreach amháin agat do gach beirt.

Bíonn báisteach uafásach san fhásach.
Fear feargach ag faire na farraige fuaire.
Cheannaigh cailín cliste ceanúil císte.
Chuaigh ceannaí cneasta cliste thar chlaí crua cloch.
Cearc ag picadh piobair de phláta Pheadair.
Bhí bean bheag bhocht breoite bruite leis an bhfuacht.
Rinne Máire gáire gan náire ag an fhaire i nDoire anuraidh.